

## Liosta Sleachta an Shoiscéil

Soiscéal	Caibidil	Véarsai	Abhar
1 John	One	1-12	Prologue
2 Luke	One	1-20	Nativity Narration
3 Luke	Four	1-13	Temptation in the Desert
4 Luke	Five	1-11	First Disciples
5 John	Two	1-12	Wedding Feast at Cana
6 Matthew	Five	1-16	The Beatitudes
7 Luke	Seven	11-17	The Widow's Son
8 Luke	Eight	22-25	Calming of the Tempest
9 John	Six	1-13	Multiplication of the Loaves
10 Luke	Nineteen	28-40	Entry into Jerusalem
11 Luke	Twenty-two	14-20	The Holy Eucharist
12 Luke	Twenty-two	39-46	Gethsemene
13 Luke	Twenty-three	32-49	Crucifixion
14 Luke	Twenty-four	1-12	Women at the Tomb

Recorded by Father Seán Mac Suibhne  
in March 1982.

## AN SOISCÉAL DE RÉIR EOIN

### AN BROLLACH

- 1 Bhí an Briathar<sup>(1)</sup> ann i dtús báire  
agus bhi an Briathar in éineacht le Dia,  
agus ba Dhia an Briathar.
- 2 Bhí sé ann i dtús báire in éineacht le Dia.
- 3 Rinneadh an uile ní tríd  
agus gan é ní dearnadh aon ní dá ndearnadh.
- 4 Bhí beatha ann  
agus ba é solas na ndaoine an bheatha.
- 5 Agus tá an solas ag taitneamh sa dorchadas,  
ach níor ghabh an dorchadas é.
- 6 Bhí fear a tháinig ina theachtaire ó Dhia, agus Eoin a ba  
ainm dó. <sup>7</sup>Tháinig sé ag déanamh fianaise chun fianaise a  
thabhairt i dtaobh an tsolais chun go gcreidfeadh cách tríd.
- 8 Niorbh é féin an solas ach tháinig ag tabhairt fianaise i dtaobh  
an tsolais.
- 9 An solas fírinneach  
a shoilfíonn gach aon duine,  
bhi sé ag teacht ar an saol.
- 10 Bhí sé ar an saol  
agus is tríd a rinneadh an saol,  
agus níor aithin an saol é.
- 11 Chun a chuid féin a tháinig  
agus níor ghlac a mhuintir é.
- 12 Ach an uile dhuine a ghlac é,  
thug sé de cheart dóibh  
go ndéanfai clann Dé diobh,  
dóibh seo a chreideann ina ainm,
- 13 an mhuintir nach as folanna a rugadh iad ná as toil feola,  
ná as toil fir ach ó Dhia.
- 14 Agus rinneadh feoil<sup>(2)</sup> den Bhriathar  
agus chónaigh sé inár measc,  
agus chonacamar-na a ghlóir,  
a ghlóir mar Aonghin ón Athair,  
lán de ghrásta agus d'fhirinne.
- 15 Tagann Eoin ag tabhairt fianaise ina thaobh agus glaonn

# SOISCÉAL NAOFA ÍOSA CRÍOST

de réir

## LÚCÁIS

### AN RÉAMHHRÁ

I <sup>1</sup>Ós rud é gur ghlac mórán as láimh faisnéis do ríomhadh mar gheall ar na nithe atá tagtha chun críche inár measc, <sup>2</sup>de réir mar a thugadar siúd scéala dúinn a bhí ó thús ina bhfinnitéithe súl orthu, agus ina seirbhísigh don bhriathar; <sup>3</sup>níor mhiste liom féin, freisin, tar éis dom an uile lorg do leanúint go cruinn ó thosach, iad do scriobh i ndiaidh a chéile duitse, a Theofail ró-uasail,<sup>4</sup> chun go dtuigfeá chomh dearfa is atá na briathra go bhfuair tú teagasc fúthu.

### SAOLÚ EOIN BAISTE Á RÉAMHINSINT

<sup>5</sup>Bhí, i laethe Héaród, rí Iúdáia, sagart darbh ainm Zacháirias, de shealafocht Aibia, agus bean aige d'iníonra Áróin, agus Eiliosaibit ab ainm di. <sup>6</sup>Bhíodar araon firéanta i bhfianaise Dé, ag tabhairt a saoil gan locht de réir uile aitheanta agus reachta an Tiarna. <sup>7</sup>Agus ní raibh aon chlann acu, mar bhí Eiliosaibit aimrid, agus bhíodar araon anonn i mblianta.

<sup>8</sup>Tharla, agus é ag déanamh a ghnó sagairt i láthair Dé. in uain a shealaíochta, <sup>9</sup>gur thit ar a chrann, de réir ghnás na sagartóide, dul isteach i sanctóir an Tiarna chun túis do dhó; <sup>10</sup>agus bhí cuallacht ionlán an phobail amuigh ag guí in am na túise. <sup>11</sup>Chonacthas dó aingeal ón Tiarna ina sheasamh ar dheis altóir na túise. <sup>12</sup>Agus nuair a chonaic Zacháirias é, bhí sé buartha agus tháinig uamhan air. <sup>13</sup>Ach dúirt an t-aingeal leis: ‘Ná biódh eagla ort, a Zacháirias, óir tá éistithe le do ghuí, agus béisfaidh do bhean Eiliosaibit mac duit, agus bhéarsaidh tú Eoin mar ainm air. <sup>14</sup>Beidh áthas ort agus gairdeas, agus beidh mórán ag déanamh áthais faoina shaolú. <sup>15</sup>Óir beidh sé mór i láthair an Tiarna; fíon ná deoch láidir ní ólfaidh; agus beidh sé líonta den Spiorad Naomh fiú amháin ó bhroinn a mháthar, <sup>16</sup>agus iompóidh sé mórán de chlainn Iosrael chun an Tiarna a ndí. <sup>17</sup>Gluaisfidh sé roimhe amach le spiorad agus le cumhacht Éiliás, chun croíthe na n-aitreach d'iompú i leith na clainne, agus lucht na heasumhla chun eagna na bhfíréan, chun pobal a dhiongbhála d'ullmhú don Tiarna’. <sup>18</sup> Agus dúirt Zacháirias leis an aingeal: ‘Conas a bheidh a fhios sin agam? óir táim féin aosta, agus mo bhean anonn i mblianta’. <sup>19</sup>Dúirt an t-aingeal leis á fhreagairt: ‘Mise Gaibriél a sheasann i láthair Dé, agus cuireadh mé chun labhartha leat, agus na dea-scéala seo do thabhairt duit. <sup>20</sup>Agus féach, beidh tú i do thost, agus gan ar chumas duit labhairt go dtí an lá go ndéanfar na nithe seo, de bhrí nár chreid tú mo bhriatha a chomh-lionfar ina dtráth féin’.

ina mhac—mar a síleadh—do Iósaeft mac Héilí, <sup>24</sup>mhic Mhatat, mhic Léiví, mhic Mheilchí, mhic Iannái, mhic Iósaeft, <sup>25</sup>mhic Mhataitias, mhic Ámós, mhic Náum, mhic Ioslái, mhic Nagái, <sup>26</sup>mhic Maát, mhic Mhataitias, mhic Shimín, mhic Ióiséch, mhic Ióda, <sup>27</sup>mhic Iónan, mhic Réasa, mhic Shoróbaibeil, mhic Shalaitiél, mhic Néiré, <sup>28</sup>mhic Mhailechí, mhic Aidí, mhic Chósam, mhic Iolmádam, mhic Éar, <sup>29</sup>mhic Iasús, mhic Eiliasar, mhic Ióráim, mhic Mhatat, mhic Léiví, <sup>30</sup>mhic Shuimeon, mhic Iúda, mhic Iósaeft, mhic Iónam, mhic Eiliácafim, <sup>31</sup>mhic Mheiliás, mhic Mheineá, mhic Mhatata, mhic Natam, mhic Dháiví, <sup>32</sup>mhic Iseái, mhic Ióbéid, mhic Bhóas, mhic Shalá, mhic Náiseon, <sup>33</sup>mhic Aimineadab, mhic Aidmin, mhic Arnái, mhic Easróim, mhic Fhearas, mhic Iúda, <sup>34</sup>mhic Iácób, mhic Iosáac, mhic Ábraham, mhic Théara, mhic Nachór, <sup>35</sup>mhic Sharúg, mhic Ragáu, mhic Fhailig, mhic Eibir, mhic Shalá, <sup>36</sup>mhic Cháineam, mhic Arfaxad, mhic Shéam, mhic Naoi, mhic Laimich, <sup>37</sup>mhic Mhatúsála, mhic Eanóch, mhic Iarat, mhic Mhalalaél, mhic Cháineam, <sup>38</sup>mhic Eanós, mhic Shéat, mhic Ádhaimh, mhic Dé.

### ÍOSA Á PHROMHADH AG SÁTAN

**4** <sup>1</sup>Tháinig Íosa, agus é lán den Spiorad Naomh, ar ais ón Iordán, agus seoladh faoi luí an Spioraid sa bhfásach é <sup>2</sup>go cionn daichead lá, á phromhadh ag an diabhal. Agus níor ith sé aon ní sna laethe sin, agus nuair a bhíodar caite bhí ocras air. <sup>3</sup>Dúirt an diabhal leis: ‘Más tú Mac Dé, abair leis an geloich seo arán do dhéanamh dí’. <sup>4</sup>Agus d’fhreagair Íosa é: ‘Tá scríofa: “Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine”.’

4:1-15. Is é is áil le N. Lúcás i goáiní cathair Iarúsailéim do bheith ina lárionad don soiscéal. Mínionn sé sin an difear idir an slíocht seo agus Matha 4:3-10; ag Matha atá an bharrchéim nádúrtha; ach suíonn Lúcás an promhadh deireanach ar bhinn an Teampaill. Cf. Réamhrá, l. 3-4.

4:3. Ionann ‘Mac Dé’ anseo agus Meisias. Níorbh eol don diabhal fós rud ar bith faoi mhacacht diaga ár dTiarna.

<sup>5</sup>Agus tar éis dó é sheoladh suas ar ard, thaispeáin sé dó ríochtáil uile na cruinne i nóiméad aimsire; <sup>6</sup>agus dúirt an diabhal leis: 'Bhéarfaidh mé duit an forlámhas seo uile agus a nglóire siúd, óir is ar mo láimh a tugadh é, agus bheirim do cibé is aíl liom é. <sup>7</sup>Dá bhri sin, má dhéanann tusa adhradh i mo láthair, is leat é uile'. <sup>8</sup>Dúirt Iosa leis á shreagairt: 'Tá scríofa: "Adhrfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís'.

<sup>9</sup>Ansin sheol sé go hlarúsailéim é, chuir sé ar bhinn an teampaill é agus dúirt leis: 'Más tú Mac Dé, caith tú féin as seo sios: <sup>10</sup>óir tá scríofa:

"Bhéarfaidh sé ordú dá aingil mar gheall ort,  
chun go ngardálsaidís tú",

<sup>11</sup>agus:

"Iompróidh siad ina lámha tú,  
le heagla go mbuailseá do chos faoi chloich".'

<sup>12</sup>Dúirt Iosa leis á shreagairt: 'Tá ráite: "Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia".'

<sup>13</sup>Agus tar éis don diabhal é phromhadh i ngach slí, d'fhág sé é nó go dtiocfadh an uain.



### IOSA I NAZARAT

<sup>14</sup>Agus d'fhill Iosa le neart an Spioraid ar an nGailil, agus leathnaigh a cháil ar fud na tíre go léir. <sup>15</sup>Agus bhiodh sé ag teagasc ina sionagóga, agus moladh ó chách air.

<sup>16</sup>Tháinig sé go Nazará, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóig lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht do dhéanamh. <sup>17</sup>Síneadh chuige leabhar Easáias fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

4:13. Ionann 'an uain' agus uair a ghabhála: 'is í bhur n-uairse í seo agus cumhacht an dorchadair' (22:53, cf. 22:3).

4:16. Níor mhiste do Ghiúdach fásta ar bith an scribhinn diaga do léamh go poibhl sa tsionagóig, ach cead ó cheann na sionagóige do bheith aige.—'Nazará': dul neamhchoitianta ar an ainm.

sé amach de ghlór ard: <sup>34</sup>'Há ,cad ab áil leat dínn, a Íosa Nazairéanaigh? Ar tháinig tú chun sinn do mhilleadh? Is eol dom cé hé tú: Naomh Dé'. <sup>35</sup>Agus dúirt Íosa leis go bagrach: 'Bí i do thost, agus imigh amach as'. Agus theilg an deamhan ar lá os comhair chách é agus d'imigh amach as, gan dochar do dhéanamh dó. <sup>36</sup>Agus bhí alltacht ar chách agus bhíodar ag caint eatorthu féin á rá: 'Cad é mar bhriathar é seo? óir sógrann sé ar na spioraid mhíghlana le húdarás agus le cumhacht, agus gabhann siad amach'. <sup>37</sup>Agus leathnaigh a chlu i ngach áit ar fud na tíre.

<sup>38</sup>Ar fhágáil na sionagóige dó, chuaigh sé isteach i dteach Shíomón. Bhí máthair chéile Shíomón gafa ag taom trom fiabhras, agus rinneadar achainí air ar a son. <sup>39</sup>Agus ina sheasamh dó os a cionn, thug sé ordú géar don fhiabhras, agus d'fhág an fiabhras í; agus d'éirigh sí ar an mball agus thosaigh ag freastal orthu. <sup>40</sup>Ar dhul faoi don ghréin, cách go raibh daoine acu a bhí tinn ó aon sórt galair, thugadar chuige iad; chuir sé a lámha ar gach duine acu agus leighis iad. <sup>41</sup>Agus bhí móran freisin, go n-imiodh na deamhain amach astu, ag screadaigh agus ag rá: 'Is tú Mac Dé'. Agus labhair sé leo go bagrach agus níor lig dóibh labhairt, óir bhí a fhios acu gurbh é an Críost é. <sup>42</sup>Nuair a bhí ina lá, ar dhul amach dó, chuaigh sé go dtí áit uaigneach. Ach bhí na sluaite á lorg agus thángadar mar a raibh sé, agus bhíodar á choinneáil le heagla go n-imeodh sé uathu. <sup>43</sup>Ach dúirt sé leo: 'Ní foláir dom dea-scéal ríocht Dé d'fhógaírt do na cathracha eile, óir is chuige sin a cuireadh amach mé'. Agus bhíodh sé ag seanmóir i sionagóga Iúdáia.

#### AN GHABHÁIL MHÍORÚILTEACH ÉISC

**5** <sup>1</sup>Aon lá amháin, agus an slua ag brú isteach air ag éisteacht le briathar Dé, bhí sé ina sheasamh ar bhruach loch Gheinéasaireit, <sup>2</sup>agus chonaic sé dhá bhád ina luí ar chladach an locha: bhí na hiascairí tar éis teacht amach astu agus iad ag ní na líonta. <sup>3</sup>Chuaigh sé isteach i mbád acu, bád Shíomón, agus d'iarr air tarraingt amach beagán ón talamh: ansin shuigh, agus thosaigh ag teagasc na sluaite as an mbád. <sup>4</sup>Nuair a stad sé den chaint, dúirt le Síomón: 'Tarraing amach san uisce domhain agus currigí amach bhur líonta ag iascach'. <sup>5</sup>Do fhreagair Síomón agus dúirt: 'A Mháistir, thugamar an oiche go léir ag saothrú agus níor thógamar aon ní; ach i ngeall ar d'fhocala, cuirfidh mé amach na líonta'. <sup>6</sup>Nuair a rinneadar é sin, cheapadar clais mhór éisc. Bhí a gcuid líonta ag briseadh, <sup>7</sup>agus sméideadar ar a gcomrádaithe sa bhád eile teacht i gcabhair orthu. Thángadar, agus líonadar an dá bhád nó go raibh siad ar tí dul faoi. <sup>8</sup>Nuair a chonaic Síomón Peadar é sin, chaith sé é féin ag glúine Íosa ag rá: 'Imigh uaim, a Thiarna, mar is peacach mé'. <sup>9</sup>Óir ghabh alltacht é féin agus a chompánaigh uile faoin ngabháil éisc a thógadar <sup>10</sup>agus mar an gcéanna do Shéamas agus d'Eoin, clann Zeibeidé, a bhí i bpáirt le Síomón. Agus dúirt Íosa le Síomón: 'Ná blodh eagla ort, as seo amach is daoine a bheidh tú a ghabháil'. <sup>11</sup>Agus tharraingeadar na báid aníos ar an trá, d'fhágadar gach uile ní agus leanadar é.

**2** An triú lá bhí pósadh i gCána sa Ghailil(7) agus bhí máthair Iosa ann. <sup>2</sup>Fuaire Iosa cuireadhl chun an phósta freisin, agus a dheisceabail. <sup>3</sup>Chuaigh den fhíon agus dúirt a mháthair le hIosa: ' Níl aon fhíon acu '. <sup>4</sup>Dúirt Iosa léi: ' Cad a ba áil leat díom, a bhean ? Níl m'uairse tagtha fós '. <sup>5</sup>Dúirt a mháthair leis an lucht freastail: ' Déanaigí cibé ní a déarfaidh sé libh '. <sup>6</sup>Bhí sé soithigh chloiche ansiúd le haghaidh fionghlanadh de réir nós na nGiúdach; choinneoidís a dó nó a trí de mheadair an ceann. <sup>7</sup>Dúirt Iosa leo: ' Líonaigí na soithigh suas le huisce '. Agus lionadar go béal iad. <sup>8</sup>Dúirt sé leo: ' Tarraingigí as feasta agus beirigí go dtí máistir na fleá é '. <sup>9</sup>Rugadar, agus nuair a bhlaís máistir na fleá an t-uisce ina fhíon, agus gan a fhios aige cá dtáinig sé as (blú a fhios, áfach, ag an lucht freastail a tharraing an t-uisce) ghlaoigh an máistir ar an fear nuaphósta, <sup>10</sup>agus dúirt leis : ' Cuireann gach duine an sion maith ar an gelár ar dtús agus nuair a bhíonn siad ar meisce, an dara grád. Ach choinnigh tusa an sion maith go dtí anois '. <sup>11</sup>Rinne Iosa an chéad cheann sin dá chomharthai (8) i gCána sa Ghailil, agus thaispeáin sé a ghlórí agus chreid a dheisceabail ann. <sup>12</sup>Ansin chuaigh sé síos go Cafarnáum, é féin agus a mháthair agus a bhráithre agus a dheisceabail agus d'fhan siad ann beagán laethanta.



### GLANADH AN TEAMPAILL

<sup>13</sup>Bhí Cáisc na nGiúdach in achmaireacht agus chuaigh Iosa suas go Iarúsailéim dá blrí sin. <sup>14</sup>Fuaire sé sa teampall lucht ba agus caoirigh agus colmáin a dhíol, agus lucht airgead a mhártú ina suí ann.(9) <sup>15</sup>Agus rinne sé sciúirse de théada agus thiomáin sé iad go léir amach as an teampall, na caoirigh agus na ba chomh maith; scaip sé airgead an lucht mhárlaithe agus leag sé na boird, <sup>16</sup>agus dúirt sé le lucht na colmáin a dhíol: ' Beirigí na nithe sin as seo agus ná déanaigí teach margaíd de theach m'Athar '. <sup>17</sup>Chuimhnigh a dheisceabail go bhfuil sé scríofa: ' Déanfaidh diograis do thí mé a ithe '.

<sup>18</sup>D'fheagair na Giúdaigh ansin: ' Cén comhartha ', ar siad leis, ' atá á thaispeáint agat dúinn mar bhonn lena bhfuil á dhéanamh agat ? ' <sup>19</sup>D'fheagair Iosa: ' Leagaigí an teampall

‘Déanaigí aithri, mar tá ríocht na bhflaitheas in achmaircacht’.

<sup>18</sup>Ag siúl dó cois farraige na Gailile, chonaic sé beirt dearthár, Siomón ar a dtugtar Peadar agus Aindrias a dheardháir, ag caitheamh eangacha san fharraige, mar iascairí a bhí iontu.

<sup>19</sup>Labhair sé leo: ‘Tagaigí ’mo dhiaidh, agus déanfaidh mé iascairí ar dhaoine díbh’. <sup>20</sup>D’fhágadar na líonta láithreach agus leanadar é. <sup>21</sup>Bhuail sé ar aghaidh, agus chonaic sé beirt dearthár eile, Séamas mac Zeibeidé agus Eoin a dheardháir: bhíodar sa bhád in éineacht lena n-athair, Zeibidé, ag cóiriú a gcuid líonta; agus ghlaoigh sé iad. <sup>22</sup>D’fhágadar an bád agus a n-athair láithreach agus leanadar é.

<sup>23</sup>Agus ghabh Iosa ar fud na Gailile go léir, ag teagasc sna sionagóga, ag fogaírt dea-scéil na ríochta, agus ag leigheas gach galar agus gach éagruas i measc an phobail. <sup>24</sup>Chuaigh a chlu ar fud na Suíre go léir, agus tugadh cách a bhí tinn ó gach sórt galair nó ag fulaingt piolóidí, daoine go raibh deamhain iontu, nó an titeamas orthu nó an phairilis, agus leigheas sé iad.

<sup>25</sup>Agus lean sluaite móra é ón nGailil, ó Dhecapolis, ó Iarúsailéim, ó Iúdáia agus ó thar an Iordán.

#### ✓ AN TSEANMÓIR AR AN SLIABH: NA BIÁITÍ

- 5 <sup>1</sup>Nuir a chonaic sé na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. <sup>2</sup>Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:
- <sup>3</sup>Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.
  - <sup>4</sup>Is méanar do lucht an dobrón, óir sólásófar iad.
  - <sup>5</sup>Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.
  - <sup>6</sup>Is méanar dóibh seo go bhfuil ocras agus tart chun na firéantachta orthu, óir sásófar iad.
  - <sup>7</sup>Is méanar do lucht na trócaire, óir déansar trócaire orthu.
  - <sup>8</sup>Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir chífidh siad Dia.
  - <sup>9</sup>Is méanar do lucht siochána do dhéanamh, óir glaosar clann Dé orthu.
  - <sup>10</sup>Is méanar dóibh seo a d’fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfiréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.
  - <sup>11</sup>Is méanar daoibh féin nuair a bhéarsfar aithis daoibh agus a ghéarleansar sibh, agus nuair a chuirsear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.
  - <sup>12</sup>Biodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

báis, agus b'ionúin leis é. <sup>3</sup>Nuair a chuala sé trácht ar Íosa, chuir sé chuige seanóirí de na Giúdaigh á iarraidh air teacht agus a sheirbhíseach do shlánú. <sup>4</sup>Ar theacht i láthair Íosa dóibh sin, bhíodar ag achainí air go diocasach, á rá: 'Is maith an díol air go dtabharfá an aisce seo dó; <sup>5</sup>óir tá grá aige dár náisiún agus is é a thóg an tsionagóg dúinn'. <sup>6</sup>Agus d'imigh Íosa leo. Ní raibh sé i bhfad ón teach nuair a chuir an taoiseach céad cairde chuige á rá leis: 'A Thiarna, ná cuir as duit féin, óir ní fiú mé go dtiocfá isteach faoi dhíon mo thí: <sup>7</sup>sin é an fáth nár mheas mé gurbh fhiú mé dul chugat; ach abair an focal agus bíodh mo ghiolla leigheasta. <sup>8</sup>Óir is duine mé féin atá i mo ghearróifigeach de réir ranga, agus tá saighdiúirí agam fum, agus deirim leis seo: "Imigh!" agus imíonn, agus leis seo eile: "Tar!" agus tagann, agus le mo sheirbhíseach: "Déan seo!" agus déanann'. <sup>9</sup>Nuair a chuala Íosa an méid sin, rinne sé ionadh den duine, agus, ag iompú chun an tslua a bhí á leanúint, dúirt: 'Deirim libh, ní bhfuair mé in Iosrael féin creideamh chomh láidir leis seo'. <sup>10</sup>Agus ar dhul ar ais chun an tí dóibh, fuair na teachtairí an seirbhíseach slán.

### AISÉIRÍ MHIC NA BAINTRÍ

<sup>11</sup>Tharla ina dhiaidh sin go ndeachaigh sé isteach i gcathair ar a nglaotar Náin, agus bhí a dheisceabail agus slua mór á thionlacan. <sup>12</sup>Agus nuair a bhí sé i ngar do gheata na cathrach, bhí marbh á thabhairt amach le cur, aonmhac a mháthar, agus ise ina baintrigh, agus sochraíd mhór de mhuintir na cathrach léi. <sup>13</sup>Agus nuair a chonaic an Tiarna í, ghlac sé trua di agus dúirt léi: 'Ná bí ag gol'. <sup>14</sup>Agus chuaigh sé anonn agus bhain leis an gcróchar, agus stad an lucht iompair. Agus dúirt sé: 'A fhír óig, deirim leat, éirigh!' <sup>15</sup>Agus d'éirigh an marbh aniar, agus thosaigh ag caínt, agus thug sé dá mháthair é. <sup>16</sup>Agus ghabh uamhan cách, agus bhíodar ag tabhairt glóire do Dhia, ag rá: 'Tá fáidh mór éirithe inár measc', agus, 'Rinne Dia a phobal d'fhiosrú'. <sup>17</sup>Agus leathnaigh an tuairisc sin air ar fud Iúdáia go léir agus na tíre go léir timpeall.



amuigh agus b'áil leo tú d'fheiscint'. <sup>21</sup>D'fhreagair sé agus dúirt: 'Is iad mo mháthair agus mo bhráithre, iad seo a chluineann briathar Dé agus a dhéanann dá réir'.

### SMACHT AG CRÍOST AR NA DÚILE

<sup>22</sup>Tharla aon lá amháin go ndeachaigh sé ar bord báid, é féin agus a dheisceabail, agus dúirt sé leo: 'Téimis trasna an locha anonn'. Agus chuireadar chun farraige. <sup>23</sup>Agus ag seoladh dóibh, thit seisean ina chodladh. Agus tháinig cuaipeach gaoithe anuas ar an loch; agus bhí ag lónadh orthu agus bhiodar i mbaol. <sup>24</sup>Agus thángadar chuige á mhúscait, ag rá: 'A Mháistir, a Mháistir, tá an bás againn!' Agus ar dhúiseacht dó, bhagair sé ar an ngaoith agus ar an uisce suaité; agus chiúnaigh orthu agus bhí ina théigle. <sup>25</sup>Agus dúirt se leo: 'Cá bhfuil bhur gcreideamh?' Ach bhí uamhan orthu agus rinneadar ionadh de, á rá eatarthu féin: 'Cé hé an duine seo, más ea, a rá go bhfógraíonn sé ar na gaotha féin agus ar an uisce, agus go ndéanann siad rud air?'.

### AN DEAMHNAÍOCH GEIRGISEÁNACH

<sup>26</sup>Bhuailleadar talamh i dtír na nGeirgiseánach, ón nGailil anonn. <sup>27</sup>Nuir a bhí sé ag teacht i dtír, tháinig faoina dhéin duine ón gcathair go raibh deamhain ann, agus bhí sé seal mór aimsire gan aon éadach do chur air ná cónaí in aon teach ach sna tuamáí. <sup>28</sup>Agus ar sheiscint Íosa dó, scread sé amach agus chaith é féin síos roimhe agus dúirt de ghlór ard: 'Cad ab ál leat diom, a Íosa, a Mhic Dé ró-aird? Iarraim ort, ná déan mé chrá'. — <sup>29</sup>Óir bhí Íosa á ordú don spiorad mhíghlan dul amach as an duine. Óir is iomaí uair roimhe sin a rug sé go foréigneach air; agus cheanglaíti ina bhraighe é le slabhraí agus le geimhle, ach bhriseadh sé na géibhinn agus bhiodh sé á thiomaínt ag an deamhan faoi na fásáigh. <sup>30</sup>D'fhiarsaigh Íosa de: 'Cad é an t-ainm atá ort?' Dúirt sé:

8:21. Is mó le rá gaol spioradálta ná gaol nádúrtha. Cf. 11:27-28.

8:26. Ó bhaile Gheirgiseá, ar an taobh thoir theas den loch, a ainmníodh an ceantar: ba cheann de bhaile Gréagacha an Decapolis é.

### Eoin 5:39

- mar ní chreideann sibh sa té a chuir seisean uaidh.  
39 Déanann sibh na serioptúir a spíonadh  
    mar gur döigh libh go bhfuil an bheatha shioráí  
        agaibh iontu;  
    agus is iadsan atá ag tabhairt fianaise i mo thaobhsa,  
40 ach ní áil libh teacht chugam i dtreo go mbeadh  
    beatha agaibh.  
41 Ní ghabhaim glóir ó dhaoine.  
42 Ach tá aithne agam oraibh,  
    nach bhfuil grá Dé agaibh ionaibh.  
43 Tháinig mise in ainm m'Athar,  
    agus ní ghlaemann sibh mé;  
    má thagann duine eile ina ainm féin,  
        glaesfaidh sibh eisean.  
44 Conas a b'fhéidir daoibh creidiúint,  
    agus glóir á glacadh agaibh óna chéile  
        gan aon lorg agaibh ar an nglóir a thagann ó Dhia amháin.  
45 Ná measaigí go bhfuilim  
    chun sibh a chuísiú  
    i láthair an Athar;  
    tá duine do blur geúisiú—  
        Maois, an té a bhfuil muinín agaibh as.  
46 Dá gcreidfeadh sibh Maois,  
    chreidfeadh sibh mise,  
    óir is i mo thaobhsa a scríobh seisean.  
47 Mura gcreideann sibh a scribhinní-sean,  
    conas a chreidsidh sibh mo bhriathar-sa ? '

### MÍORÚILT NA mBUILÍNÍ

- 6 Ina dhiaidh sin d'imigh lósa anonn thar farraige na Gaile, is é sin, farraige Thíberias. <sup>2</sup>Lean slua mór é mar chonaic siad na míorúiltí a bhí sé a dhéanamh ar lucht tinnis. <sup>3</sup>Ghabh lósa an sliabh suas agus shuigh ansiúd in éineacht lena dtheisceabail. <sup>4</sup>Bhí féile na nGiúdach, an Cháisc, in achmaireacht.(23) <sup>5</sup>Nuair a d'ardaigh lósa a shúile, mar sin, agus nuair a chonaic go raibh slua mór ag teacht chuige, dúirt sé le Pilib: ' Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo ? ' <sup>6</sup>Ag baint trialach as a dúirt sé é sin, mar bhí a flios aige féin cad a bhí sé chun a dhéanamh. <sup>7</sup>D'fhlreagair Pilib é: ' Níor leor luach

dhá chéad déanar d'arán chun go mbeadh greim an duine acu'.  
<sup>8</sup>Dúirt duine dá deisceabail leis---ba é Aindrias é, deartháir Shíomóin Peadar; <sup>9</sup>Tá ógánach anseo a bhfuil cùig builín eorna aige, agus dhá iasc, ach cá rachadh an méid sin ar oiread daoine? '<sup>10</sup>Dúirt fosa: 'Cuirigí na daoine ina sui'—bhí móran féir san áit. Shuigh siad síos mar sin, timpeall cùig mhíle duine.  
<sup>11</sup>Agus thóg fosa na builíní, d'altaigh, agus roinn iad ar na daoine agus iad ina sui; agus mar an gceáanna oiread agus a b'áil leo de na héise. <sup>12</sup>Nuair a bhíodar sách, dúirt sé lena deisceabail: 'Bailígi an brúscar fuilligh chun nach rachadh aon ní amú'. <sup>13</sup>Bhailigh siad ansin lán dhá chiseán déag de bhruíscar as na cùig builíní eorna, a d'fhág na daoine a fuair an béal.  
<sup>14</sup>Nuair a chonaic na daoine, mar sin, cad é mar chombartha a bhí déanta ag fosa, dúirt siad: 'Is é seo go dearfa an fáidh atá le teacht ar an saol'. <sup>15</sup>Agus ó bhí a fhios ag fosa go raibh ar aigne acu teacht á fhuadach chun rí a dhíeanamh de, chuaigh sé i leataobh arís faoin sliabh ina aonar.

## IOSA AG SIÚL AR AN UISCE

<sup>16</sup>Nuair a bhí an tráthnóna(24) ann chuaigh a dheisceabail síos chun na farraige, <sup>17</sup>agus ar dhul ar bord loinge dóibh chuaigh siad trasna na farraige i dtreo Chafarnáum. Bhí an dorchacht ann feasta agus ní raibh fosa tagtha chluic fós. <sup>18</sup>Bhí gaoth mhór ag séideadh agus d'éisigh suaitheadh ar an bhfarraige. <sup>19</sup>Nuair a bhí cùig nó deich stada fichead d'fharraige curtha díobh acu, chonaic siad fosa ag siúl ar an bhfarraige agus é ag teacht i gcóngar na loinge; agus tháinig scanradh orthu. <sup>20</sup>Ach dúirt sé leo: 'Mise atá ann. Ná bíodh eagla oraibh'. <sup>21</sup>B'áil leo ansin é thógáil isteach sa long, agus bhí an long gan aon mhoill ag an talamh mar a rabhadar ag dul.

## SEANMÓIR I gCAFARNÁUM

<sup>22</sup>Lá arna mhárach chonaic an slua a d'fhan ar an taobh thall den sharraige nach raibh aon long eile ann ach an t-aon long amháin agus nach ndeachaigh fosa sa long lena deisceabail ach gur imigh a dheisceabail leo féin. <sup>23</sup>Tháinig, áfach, longa eile ó Thibeirias isteach in aice na háite inar caitheadh an bia

ngnó acu faoi seach. <sup>16</sup>Tháinig an chéad duine i láthair agus dúirt: "A thiarna, ghnóthaigh do mhíoná deich míoná". <sup>17</sup>Dúirt sé leis: "Is maith sin, a dhea-sheirbhísigh; de bhri go raibh tú iontaofa faoin mbeagán, biond forlámhas agat ar dheich gcathracha". <sup>18</sup>Tháinig an dara duine agus dúirt: "Rinne do mhíoná cúig míoná, a thiarna". <sup>19</sup>Dúirt sé leis sin chomh maith: "Tusa mar an gceáanna, bí i gceannas ar chúig cathracha". <sup>20</sup>Ach tháinig an duine eile agus dúirt: "A thiarna, seo duit do mhíoná: bhí sé i gcoimeád agam i naipcín. <sup>21</sup>Óir bhí eagla orm romhat, de bhri gur duine dian tú: glacann tú chugat an rud nár chuir tú i dtaisce agus baineann tú an fómhar nár chuir tú a shíol". <sup>22</sup>Dúirt sé leis: "Bhéarsaigh mé breith do bhéil féin ort, a dhrochsheirbhísigh! Bhí a fhios agat, an raibh, gur duine dian mé, ag glacadh chugam an rud nár chuir mé i dtaisce, agus ag baint an fhómhair nár chuir mé a shíol? <sup>23</sup>Cad chuige más ea nár chuir tú mo chuid airgid ar gaimbín? agus nuair a thiocfainn, dhéanfainn é éileamh le hús". <sup>24</sup>Agus dúirt sé leo seo a bhí i láthair: "Bainigí de an míoná, agus tugaigí é dó seo go bhfuil na deich míoná aige". <sup>25</sup>Ach, a thiarna", ar siad sin leis, "tá deich míoná aigesean". <sup>26</sup>"Deirim libh, gach aon duine go mbíonn aige, bhéarsar dó, ach an té nach mbíonn aige, bainsear de fiú amháin a mbíonn aige.—<sup>27</sup>Ach na naimhde úd agam nár bhí ail leo mé bheith i mo rí orthu, seolaigí i leith iad agus déanaigí iad do choscairt i mo láthair".

#### AN IMRÍM CHAITHRÉIMEACH

<sup>28</sup>Nuair a bhí an méid sin ráite aige, ghluais sé roimhe ag dul suas go hIarúsailéim. <sup>29</sup>Agus nuair a bhí sé ag teacht i ngar do Bhéatfagé agus do Bhéatáine, i dtreo an chnoic ar a dtugtar Ola-Choill, chuir sé uaидh beirt de na deisceabail, ag rá: <sup>30</sup>"Téigí isteach sa bhaile thall, agus ag dul isteach ann daoibh, gheobhaidh sibh searrach ceangailte nach raibh duine ar bith riagh ar a mhuin: scooiligi agus tugaigí libh é. <sup>31</sup>Agus má fhiabraíonn aon duine díbh: "Cad chuige go bhfuil sibh

19:29. Dhá shráidbhaile ar learg oirthearach Chnoc na nOlóig: an bóthar ó Iarachó go hIarúsailéim, ghabh sé trloíthu.

á scaoileadh?" is é a déarfaidh sibh: "Mar go bhfuil gá ag an Tiarna leis".<sup>32</sup> D'imirigh na teachtairí agus fuaireadar de réir mar a dúirt sé leo.<sup>33</sup> Le linn dóibh bheith ag scaoileadh an tsearraigh, dúirt na húinéirí leo: 'Cad chuige go bhfuil sibh ag scaoileadh an tsearraigh?' <sup>34</sup>Dúradar: 'Mar go bhfuil gá ag an Tiarna leis', <sup>35</sup>agus thugadar go dtí Íosa é, agus tar éis dóibh a mbrait do chaitheamh ar an searrach, chuireadar Íosa ar a mhuin.<sup>36</sup> Agus ag gluaiseacht dó, bhíodar ag leathadh a mbrat ar an mbóthar.<sup>37</sup> Bhí sé faoin am seo ag teacht i ngar do chliathán Chnoc na nOlóg síos, nuair a thosaigh lán-chuallacht na ndeisceabal, agus iad lán d'áthas, ag moladh Dé de ghlór ard mar gheall ar a raibh de mhíorúiltí feicthe acu,<sup>38</sup> á rá:

'Is beannaithe an té atá ag teacht  
ina rí, in ainm an Tiarna!

Siocháin sna flaithis, agus glóire in uachtar neimhe'.

<sup>39</sup>Agus cuid de na Fairisínigh a bhí sa slua, dúradar leis: 'A Mháistir, cuir ceartú ar do dheisceabail'. <sup>40</sup>D'fhreagair sé agus dúirt: 'Deirim libh, má bhíonn siad seo ina dtost, screadfaidh na clocha amach'.

<sup>41</sup>Nuair a tháinig sé i ngar don chathair agus radharc aige uirthi, ghoil sé mar gheall uirthi, <sup>42</sup>ag rá: 'Dá mbeadh a fhios agatsa freisin, sa lá seo, na nithe atá de dhíth chun síochána! ach is amhlaidh atá siad i bhfolach ó do shúile. <sup>43</sup>Óir béarfaidh na laethe ort nuair a chuirfidh do naimhde páil léigir umat, nuair a thimpeallódh siad tú agus cúngrach do dhéanamh ort ó gach taobh; <sup>44</sup>nuair a bhascfaidh siad ar lár tú féin agus do chlann atá ionat, gan cloch ar mhuin cloiche d'fhágáil ionat, de bhrí nár aithin tú aimsir d'fhiosraithe'.

<sup>45</sup>Ansin, ar dhul isteach sa teampall dó, thosaigh sé ag tiomáint na ndíoltóirí amach, <sup>46</sup>ag rá leo: 'Tá scríofa: "Beidh mo theach ina theach urnaithe"; ach tá uaimh robálaithe déanta agaibhse de'.

<sup>47</sup>Bhíodh sé ag teagasc gach lá sa teampall. Bhí uachtaráin

19:41-44. Ag Lúcás amháin. (Cf. 13:34-35.) Vv. 43-44. Flóradh an tairngreacht sa bhl. A.D. 70 nuair a scrios an taoiseach Rómhánach Titus an chathair.

staighre agus feisteas mar is cóir air: déanaigí an réiteach ansiúd'. <sup>13</sup>D'imíodar agus fuaireadar de réir mar a bhí ráite aige leo, agus d'ulimhaíodar an cháisc.

### BUNÚ NA NAOMH-SHACRAIMINTE

<sup>14</sup>Nuair a tháinig an uair, lig sé faoi ag bord agus na haspail mar aon leis. <sup>15</sup>Agus dúirt sé leo: 'Ba mhór ba mhian liom an cháisc seo d'ithe i bhur gcuibhreann roimh fhulang dom; <sup>16</sup>óir deirim libh, ní fosfaidh mé go deo arís í nó go mbeidh a comhlíonadh ann i ríocht Dé'. <sup>17</sup>Agus ghlac sé cupa, agus ar altú dó dúirt: 'Tógaigí é seo agus roinnigí eadraibh é; <sup>18</sup>óir deirim libh, ní ólfaidh mé as seo amach de shú na finiúna nó go mbeidh ríocht Dé tagtha'. <sup>19</sup>Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: 'Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm'. <sup>20</sup>Agus mar an gcéanna an cupa, tar eis na proinne, ag rá: 'Is é an cupa seo an tiomna nua i m'fhuil atá le doirtadh ar bhur son.—<sup>21</sup>Féach, áfach: tá lámh fhearr mo bhraite i mo chuibhreann ar an mbord. <sup>22</sup>Go deimhin tá a bhealach féin le siúl ag Mac an Duine de réir mar atá i ndán, ach is maírg don duine úd trína mbraithear é'. <sup>23</sup>Agus thosaíodar ag fiafraí dá chéile cén duine acu a bhí chun é seo do dhéanamh.

### CÉ HÉ IS MÓ?

<sup>24</sup>D'éirigh imreas eatarthu freisin féachaint cén duine acu ba mhó le háireamh. <sup>25</sup>Dúirt sé leo: 'Ríthe na náisiún, bionn siad ag rialúchán orthu, agus iad seo go mbíonn údarás acu os a gcionn, tísolaiceoirí a ghlaotar orthu. <sup>26</sup>Ach nárab amhlaidh sin daoibhse, ach an té is mó eadraibh, bíodh ar nós an té is óige, agus an té atá ina cheann, ar nós an fhir freastail. <sup>27</sup>Cé

22:15. Níl an tagairt seo do mhian an Tiarna ach ag Lúcás amháin.

22:17-18. Fíon bhéile na Cáscá. Déanann Lúcás idirdhealú idir sean-ghnás na nGiúdach agus gnás nua na hEocairiste, vv. 19-20.

22:19-20. Bunú na hEocairiste. Séalaíodh an Sean-Chonradh le fuil na n-íobartach (Eacs. 24:4-8) agus an Conradh Nua á shéalú mar an gcéanna le fuil an Íobartaigh seo.

## AN GHUÍ I GCNOC NA NOLÓG. AN T-ALLAS FOLA

<sup>39</sup>Ar dhul amach dó, chuaigh sé, mar ba ghnáthbhéas dó, go Cnoc na nOlóg. Na deisceabail freisin leanadar é. <sup>40</sup>Agus ar shroicheadh na háite dó, dúirt sé leo: 'Bigí ag guí gan sibh do dhul i gcathú'. <sup>41</sup>Agus chuaigh sé i leataoibh uathú mar a bheadh fad urchair cloiche, <sup>42</sup>agus ag teacht ar a ghlúine dó, thosaigh sé ag guí: 'A Athair', deireadh sé, 'más toil leat é, tóg uaim an cupa seo; ach nárab í mo thoilse a dhéanfar ach do thoilse'. <sup>43</sup>Agus chonacthas aingeal ó neamh dó á neartú. <sup>44</sup>Ó bhí sé in anbhroid, ba dhéinide é ag guí; agus bhí a chuid allais mar a bheadh braonta ramhra fola ag sileadh go talamh. <sup>45</sup>Ar éirí ina sheasamh dó ón nguí, tháinig sé chun na ndeisceabal agus fuair ina gcodladh iad le barr dobrón, <sup>46</sup>agus dúirt sé leo: 'Cad a bheir i bhur gcodladh sibh? Éirígí agus guígí, le heagla go rachadh sibh i gcathú'.

## FOSA Á GHIABHÁIL

<sup>47</sup>Le linn dó bheith ag caint, tháinig slua; agus bhí, ag siúl rompu amach, an fear ar a dtugtaí Iúdás, duine den dáréag, agus dhruid sé sin isteach le hÍosa chun é phogadh. <sup>48</sup>Dúirt Íosa leis: 'A Iúdáis, an le póig a bhraitheann tú Mac an Duine?' <sup>49</sup>Nuir a chonaic a mhuintir cad a bhí chucu, dúradar: 'A Thiarna, an mbuailfimid buille chláomh?' <sup>50</sup>agus bhuail duine acu seirbhiseach an ardsagairt agus bhain sé an chluas dheas de. <sup>51</sup>Labhair Íosa agus dúirt: 'Ligigí dóibh; is leor an méid sin', agus bhain sé leis an gcluas agus rinne slán í. <sup>52</sup>Ansin dúirt Íosa leo a bhí tagtha ina choinne, uachtaráin na sagart agus captaein an teampaill agus seanóirí: 'An amhlaidh is robálaí mé gur tháinig sibh amach i mo choinne le claimhte agus le bataí? <sup>53</sup>Nuir a bhínn in éineacht libh gach lá sa teampall, níor leag sibh lámh orm. Ach is í bhur n-uairse í seo, agus cumhacht an dorchadair'.

22:44. Lúcás amháin a inseann faoin allas fola,

22:50-51. Lúcás amháin a inseann gurbh í an chluas dheas í, agus gur slánaíodh í.

den phobal á leanúint, mar aon le complacht ban a bhí ag mairgnigh air agus á chaoineadh. <sup>28</sup>Ach d'iompaigh Íosa chucu seo agus dúirt: 'A iníona Iarúsailéim, ná bígí ag gol mar gheall ormsa, ach déanaigí gol mar gheall oraibh féin agus ar bhur gelainn. <sup>29</sup>Óir féach, tá na laethe ag teacht nuair a déarsar: "Is méanar do na mná atá aimrid; do na broinnte nár rug agus do na cíocha nár thál". <sup>30</sup>Ansin tosóidh siad ag rá leis na sléibhte: "Titigí orainn!" agus leis na cnoic: "Folaigí sinn!" Óir, más mar seo a dhéantar leis an adhmad ghlás, cad a bhainfidh don chrón! <sup>31</sup>Bhí beirt choirpeach eile á seoladh mar aon leis chun a mbásaithe.

### AN CÉASADH

<sup>32</sup>Nuair a bhíodar tagtha go dtí an áit ar a nglaotar an Cloigeann, chéasadar ansiúd é féin agus na coirpigh, duine acu ar a dheis agus an duine eile ar a chlé. <sup>33</sup>Dúirt Íosa: 'A Athair, maith dóibh óir níl a fhios acu cad tá siad a dhéanamh'. Ansin, ag roinnt a chuid éadaigh eatarthu, chuireadar ar cranna iad. <sup>34</sup>D'fhan an pobal ansiúd ag breathnú. Bhí na cinn urraid féin ag dranngáir: 'Shaor sé daoine eile', deiridís, 'saoradh sé é féin, más é Críost Dé, an té atá tofa'. <sup>35</sup>Agus rinne na saighdiúirí freisin fonóid faoi: ag teacht ag tabhairt finéagair chuige <sup>36</sup>deiridís: 'Más tú Rí na nGiúdach, saor tú féin!' <sup>37</sup>Agus fós, bhí scríbhinn os a chionn i nGréigis, i Laidin, agus in Eabhráis: Rí na nGiúdach é seo.

### AN BHEIRT CHOIRPEACH

<sup>38</sup>Duine de na coirpigh a bhí arna gcrochadh, bhí sé á dhiamhaslú á rá: 'Nach tú an Críost? Saor tú féin agus sinne'. <sup>39</sup>Ach thug an duine eile cassaoid dó agus dúirt: 'An ea nach bhfuil eagla Dé ort, agus tusa faoin daorbhreith chéanna? <sup>40</sup>Agus maidir linne, is le ceart é: tá díol ár mbeart féin á thabhairt orainn; ach ní dhearna sé seo rud ar bith as an tsli'. <sup>41</sup>Agus dúirt: 'A Íosa, cuimhnigh ormsa nuair a thiocfaidh tú faoi réim do ríochta?' <sup>42</sup>Agus dúirt seisean leis: 'Deirim leat go firinneach, beidh tú in éineacht liom inniu i bpáras'. <sup>43</sup>

### BÁS CHRÍOST

<sup>44</sup>Bhí sé timpeall an séú huair faoin am seo nuair a tháinig dorchadas anuas ar an talamh go léir go dtí an naoú huair, mar chaill an ghrian a solas. <sup>45</sup>Réabadh brat an teampaill ina láir. <sup>46</sup>Agus ghlaogh Íosa amach de ghlór ard agus dúirt: 'A Athair, taobhaím mo spiorad i leith do lámh'. Agus ar a rá sin dó, shéalaigh.

<sup>47</sup>Nuair a chonaic an taoiseach céad cad a tharla, bhí sé ag tabhairt glóire do Dhia á rá: 'Ba dhuine firéanta an fear seo go deimhin'. <sup>48</sup>Agus na sluaite uile a bhí bailithe chun an radharc seo d'sheiscint, nuair a chonaiceadar na nithe a tharla, chuadar ar ais ag bualach a n-uchta. <sup>49</sup>Bhí a lucht aitheantais uile ina seasamh i bhfad uaidh, agus mná freisin a bhí tar éis é leanúint ón nGailfí agus a bhí ag breathnú ar na nithe sin.

d'ullmhaíodar spíosraí agus olaí cumhra. Agus sa tsabóid, d'fhanadar ina gcónaí do réir na haithne.

### ✓ AN TUAMA FOLAMH: AN DÁ AINGEAL

**24** <sup>1</sup>An chéad lá den tseachtain, go lánmhoch ar maidin, thángadar go dtí an tuama agus na spíosraí acu a bhí ullmhaithe acu. <sup>2</sup>Fuaireadar an chloch iompaithe siar ón tuama; <sup>3</sup>ach ar dhul isteach ann dóibh, ní bhfuaireadar corp an Tiarna Íosa. <sup>4</sup>Bhí ceist orthu faoin méid sin, ach lena linn sin bhí dís fear ansiúd láimh leo agus éadach dealraitheach orthu. <sup>5</sup>Ghlac na mná biogadh agus chromadar a gceann chun na talún, agus dúradar sin leo: ‘Cad a bheir daoibh bheith ar lorg an bheo i measc na marbh? <sup>6</sup>Nil sé anseo: tá sé éirithe. Tugaigí chun cuimhne mar a labhair sé libh agus é fós sa Ghailil, <sup>7</sup>mar a dúirt nárbh fholáir Mac an Duine do thabhairt ar láimh do pheacaigh, agus é chéasadh, agus é d'éirí an treas lá’. <sup>8</sup>Agus tháinig a bhriathra chun a gcuimhne. <sup>9</sup>Ar theacht ar ais dóibh ón tuama, d'inseadar an méid sin uile don aon duine déag agus don chuid eile go léir. <sup>10</sup>Ba iad siúd, Máire Mhaigdiléana, agus Ióanna, agus Máire máthair Shéamais. Na mná eile a bhí leo, dúradar sin freisin an méid sin leis na haspail. <sup>11</sup>Ach samhláiodh dóibh sin nach raibh sna ráite úd ach seasfóid agus níor chreideadar iad. <sup>12</sup>Chuir Peadar chun siúil, ásach, agus rith sé go dtí an tuama, agus ar chromadh síos dó, ní raibh le feiscint aige ach na héadas lí, agus d'imigh abhaile agus é lán d'ionadh faoin rud a tharla.

### AN BHEIRT DEISCEABAL AG DUL GO HEAMÁÚS

<sup>13</sup>Agus an lá sin féin, bhí beirt acu ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáús a bhí céad stáid seascad ó Iarúsailéim, <sup>14</sup>agus bhíodar ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tur éis titim amach. <sup>15</sup>Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; <sup>16</sup>ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é. <sup>17</sup>Dúirt sé leo:

24:13-35. Ag Lúcás amháin atá an scéal fíorálainn seo. Ní fios go cruinn cá raibh Eamáús.